

# Piaraiseolas



Tugann sé seo deis do scoláirí **foghlaim óna chéile** agus a gcuid obair féin a **fheabhsú**.

Cuireann an straitéis seo go maith le *Piarmheasúnú* ag *Úsáid Critéir Ratha*.

- Cinn ar obair a dhéanfaidh na scoláirí mar obair baile.
- Déan na critéir ratha don obair baile soiléir.
- Comhlánaíonn na scoláirí an obair baile.
- I ngrúpaí de 4, léann na scoláirí obair baile a chéile. Ceadaiigh go leor ama do na scoláirí uile chun é sin a dhéanamh.
- Ansin pléann na scoláirí aon difríochtaí atá idir na píosaí obair baile.
- Déanann siad gach píosa obair baile a mharcáil le chéile ag baint úsáid as na critéir ratha chomhaontaithe.
- Ina dhiaidh sin, déanann siad tagairt de rud amháin a rinne an scoláire go maith agus de rud amháin atá le feabhsú.

## Leideanna

- Caith am ag roghnú na ngrúpaí chun a chinntiú go dtugtar leordhúshlán scoláirí.
- Ceap amadóirí i ngach grúpa agus cuir teorainn ama le gach céim den straitéis.
- Gluais timpeall ar gach grúpa chun a chinntiú go mbíonn a n-aird dírithe ar an obair baile a cheartú.



### Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Príomhscileanna

- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ A bheith liteartha

## Acmhainní

- ▶ Cóipleabhair Obair Baile
- ▶ Critéir Ratha

## Leagan amach an tseomra

Eagraigh na scoláirí ina ngrúpaí de 4

## Measúnú

Déantar piarmheasúnú ar na scoláirí ag baint úsáid as na critéir ratha.

Is féidir leis an múinteoir breathnú ar an gcaoi a gcuireann na scoláirí an critéir ratha i bhfeidhm ar an obair baile. Tugann breathnóireacht ar thuairimí na scoláirí léargas eile ar thuiscint na scoláirí ar an tasc agus ar chur i bhfeidhm na gcritéir ratha.

## Tacú le hobair bhaile

Oibríonn na scoláirí ar an réimse a dúirt a gcuid piaraí a bhí le feabhsú.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers